An chuairt ríoga

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi bhaill de theaghlach ríoga na Breataine atá ar cuairt in Éirinn. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. Duke and Duchess 2. landed 3. the first official royal visit 4. convoy 5. wreath 6. big opportunity 7. reluctance 8. footstep 9. boost 10. that welcomes everyone	*a. thuirling* *b. deis mhór* *c. a chuireann fáilte roimh chách* *d. tionlacan* *e. coiscéim* *f. Diúc agus Bandiúc* *g. bláthfhleasc* *h. spreagadh* *i. leisce* *j. an chéad chuairt oifigiúil ríoga*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Anois, féachaigí ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir libh na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc arís. An bhfuil na ráitis seo thíos fíor nó bréagach?

1. Beidh an Diúc agus an Bandiúc ag caitheamh trí lá in Éirinn.

2. Tháinig an lánúin ina n-eitleán príobháideach féin.

3. Chas siad leis an Uachtarán agus leis an Taoiseach ar an lá céanna.

4. Ceapann Bríd Ní Fhlatharta[1] go gcuideoidh an chuairt le turasóirí ó gach cearn den domhan a mhealladh chun na Gaillimhe.

5. Síleann Margaret Jenkins gur chuir an Breatimeacht isteach ar thurasóireacht na tíre.

6. Ceannaíonn an Prionsa William a lán leabhar i siopa leabhar 'Kennys'.

7. Tá fáiltiú speisialta eagraithe i Stóras Guinness d'Ambasadóir na Breataine.

Ceist 3 Líon isteach dialann na lánúine ríoga anois:

Inniu	**Amárach**	**Arú amárach**

Ceist 4 Cad a dhéanfaidh tú féin an deireadh seachtaine seo chugainn? Líon isteach do dhialann anois.

	Dé hAoine	Dé Sathairn	Dé Domhnaigh
Maidin			
Tráthnóna			
Oíche			

Cuir ceisteanna ar an duine in aice leat faoi na pleananna atá acu féin. Bain úsáid as na briathra neamhrialta thíos chun cuidiú leat.

[1] Rinneadh botún leis na fotheidil agus is í Bernie atá ag caint ar dtús agus Noreen D'Arcy ina diaidh

	An Aimsir Fháistineach
Abair	An ndéarfaidh tú…? Déarfaidh / Ní déarfaidh
Beir	An mbéarfaidh tú…? Béarfaidh / Ní bhéarfaidh
Bí	An mbeidh sé…? Beidh / Ní bheidh
Clois	An gcloisfidh mé…? Cloisfidh / Ní chloisfidh
Déan	An ndéanfaidh sibh…? Déanfaimid / Ní dhéanfaimid
Faigh	An bhfaighidh sí…? Gheobhaidh / Ní bhfaighidh
Feic	An bhfeicfidh siad…? Feicfidh / Ní fheicfidh
Ith	An íosfaidh siad…? Íosfaidh / Ní íosfaidh
Tabhair	An dtabharfaidh tú…? Tabharfaidh / Ní thabharfaidh
Tar	An dtiocfaidh mé…? Tiocfaidh / Ní thiocfaidh
Téigh	An rachaidh sí…? Rachaidh / Ní rachaidh

Ceist 5 Tá a lán nathanna cainte sa Ghaeilge leis an bhfocal ‘céim’ iontu. Cuir na cinn thíos in abairtí lena mbrí a léiriú:

- ♥ céim in airde
- ♥ céim in ísle
- ♥ céim ar chéim le
- ♥ ar aon chéim le

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An leanann tú gach scéal a bhaineann leis an teaghlach ríoga? Cén fáth?
2. An bhfuil an chuairt ríoga seo tábhachtach? Cén fáth?
3. Monarcacht vs. Poblacht – pléigh.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
f	a	j	d	g	b	i	e	h	c

Ceist 2

1. Fíor.
2. Bréagach. Tháinig siad ar eitleán Aer Lingus.
3. Fíor.
4. Bréagach. Ceapann sí go gcuideoidh an chúirt le turasóirí ó Shasana a mhealladh.
5. Fíor.
6. Bréagach. Ceannaíonn a chol ceathrair, an Banphrionsa Beatrice, leabhair ón siopa leabhar 'Kennys'.
7. Bréagach. Tá fáiltiú speisialta eagraithe ag Ambasadóir na Breataine i Stóras Guinness don lánúin ríoga.

Ceist 3

Inniu	**Amárach**	**Arú amárach**
✓ Tuirling i mBaile Átha Cliath ✓ Áras an Uachtaráin ✓ An Gairdín Cuimhneacháin ✓ Tithe an Rialtais ✓ Stóras Guinness	✓ Co. Chill Dara ✓ Co. na Mí	✓ Cathair na Gaillimhe ✓ Tigh Chóilí

Ceist 4

Cleachtadh cainte atá i gceist anseo.

Ceist 5

céim in airde – *promotion*
céim in ísle – *demotion*
céim ar chéim le – *in line with*
ar aon chéim le – *on a par with*

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt
Anois chuir Diúc agus Bandiúc Cambridge tús le cuairt ríoga trí lá ar an tír seo inniu. Chuir an Prionsa William agus a bhean chéile, Kate, tús lena dturas i mBaile Átha Cliath agus bhuaileadar leis an Uachtarán agus leis an Taoiseach. Beidh siad i gCill Dara, i gCo na Mí agus sa Ghaillimh chomh maith as seo go Déardaoin.

Séamus Ó Scanláin
Go gairid tar éis leathuair tar éis a haon tráthnóna a thuirling eitleán le hAer Lingus ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. An chéad chuairt oifigiúil ríoga ar an tír seo ag Diúc agus Bandiúc Cambridge. Le tionlacan ionadaithe ó Rialtas na hÉireann, chomh maith le hAmbasadóir na Breataine, chuaigh an bheirt chuig Áras an Uachtaráin, áit ar chuir an tUachtarán, Michael D Higgins, agus a bhean chéile, fáilte rompu.

Ina dhiaidh sin leag siad bláthfhleasc sa Ghairdín Cuimhneacháin agus d'fháiltigh an Taoiseach iad ansin i dTithe an Rialtais.

Arú amárach, beidh an cúpla i nGaillimh. Deis mhór mhargaíochta agus turasóireachta don chathair.

Bernie Ní Fhlatharta[2], Iriseoir
Tá an tír ag brath go leor ar Shasanaigh mar thurasóirí. Tá go leor Sasanach ag teacht go dtí an tír seo mar thurasóirí le blianta anuas agus bheadh faitíos orm mar gheall ar Brexit go mbeadh leisce ar dhaoine teacht. Agus tá sé seo iontach mar gheall… tá dream Shasana, tá siad ag leanúint gach uile choiscéim a dhéanfaidh na ríoga[3]. Agus, má fheiceann siad go bhfuil siad ag teacht go Gaillimh, tiocfaidh daoine eile go Gaillimh go bhfeicfidh siad.

Noreen D'Arcy, D'Arcy Communications
Is iontach an deis é agus is céim in airde é freisin le taispeáint oidhreacht, cultúr, ealaín, teanga, traidisiún na Gaillimhe i gcomhthéacs an *Capital (of) Culture* freisin.

Margaret Jenkins, Fáilte Ireland
D'fhéadfadh an clúdach ón gcuairt seo go háirithe spreagadh a thabhairt do mhargadh na Ríochta Aontaithe, a bhí ina dhúshlán le míonna anuas mar gheall ar Brexit agus a leithéid.

Séamus Ó Scanláin
Istigh i dteach tábhairne, Tigh Chóilí, arú amárach tá cuireadh speisialta ag Gaillimheach speisialta a bheith i láthair, chun bualadh leis an gcúpla ríoga. Fear a bhfuil col ceathrair leis an bPrionsa William mar chustaiméir aige.

Tom Kenny, Siopa Leabhar 'Kennys'
Bhí muid[4] ag déileáil le Beatrice, Princess Beatrice, cheana féin ach is ar an idirlíon a cheannaíonn sise leabhair go minic uainn *actually*. Agus is cathair anseo a chuireann fáilte roimh chách, dáiríre, agus is ócáid mhór agus stairiúil í seo freisin.

Séamus Ó Scanláin
Anocht i Teach Stórais Guinness i mBaile Átha Cliath beidh fáiltiú speisialta dóibh ag Ambasadóir na Breataine.

[2] Rinneadh botún leis na fotheidil agus meascadh suas Bernie Ní Fhlatharta agus Noreen D'Arcy
[3] *an teaghlach ríoga* an leagan caighdeánach
[4] *Táimid* a dúradh